C/2025/500

24.1.2025

**Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/500)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Erzincan Tulum Peyniri’**

**Uimh. AE: PDO-TR-03056 — 11.1.2024**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Erzincan Tulum Peyniri’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.3. Cáiseanna

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

— 04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 - Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tá dath ‘Erzincan Tulum Peyniri’ sa raon idir dath bán agus dath an uachtair agus is cáis lánsaille, leathchrua, aonchineálach í ó bhainne amh 95 % ar a laghad de chuid caoirigh Akkaraman nó ó mheascán bainne ón ainmhí sin agus ó chaoirigh nó gabhar Morkaraman, agus uasmhéid 5 % ann ón ainmhí is déanaí atá luaite, a tháirgtear idir an ceathrú agus an naoú mí den bhliain agus a aibítear i mála craicinn caorach nó gabhair nó i ndrumaí plaisteacha. Tá struchtúr gráinneach ag ‘Erzincan Tulum Peyniri’, déantar mionbhruar di sa bhéal agus tá blas sainiúil uirthi a éiríonn as comhdhúile ó bheatha, ó lipeálú agus ó tháirgí oscaídiúcháin, rud a thugann blas aigéadach di a bhíonn géar ar an teanga. Tugtar roinnt paraiméadair cheimiceacha de chuid ‘Erzincan Tulum Peyniri’ anseo thíos.

— Solaid iomlána (%) : 55 ar a laghad

— Taise (%) : 45 ar a mhéad

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Saill in ábhar tirim (%) : 45 ar a laghad

— Saill in ábhar tirim (m/m) : 5 ar a mhéad

— Aigéadacht intoirtmheasctha mar aigéad lachtach : 2 ar a mhéad

— pH : 4,7-5,4

— Dath : Ó dhath bán go dath an uachtair

— Uigeacht gan Chraiceann : Déantar mionbhruar di go héasca nuair a bhrúitear idir dhá mhéar í.

— Uigeacht sa bhéal : Déantar mionbhruar di go héasca agus bíonn sí uachtarúil

Tá dea-bholadh 'uachtarúil', 'amhail ainmhíoch', 'lipealaíoch', 'coipthe', 'sulfarach', 'torthaíoch' ar 'Erzincan Tulum Peyniri' agus tá blas 'goirt' agus 'searbh' uirthi. De bharr na gcomhdhúl blas-ghníomhach sin, tugtar mothú géar don teanga agus mothú scalltach don scornach agus spreagann sé na faireoga seileacha.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Maidir leis an mbainne a úsáidtear chun 'Erzincan Tulum Peyniri' a tháirgeadh, soláthraítear ón bpór caorach Akkaraman é, a bhlitear idir an ceathrú agus an naoú mí den bhliain. Ní mór caoirigh Akkaraman a bheathú laistigh de theorainn gheografach chúige Erzincan. Tá féaraigh nádúrtha ann sa limistéar ainmnithe mar aon le flúirse daonraí plandaí aramatacha áitiúla. I rith mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh, déantar na hainmhithe a bheathú ar fhéaraigh. I rith mhíonna an gheimhridh, beathaítear iad le féar a bhuantar ó fhéaraigh atá ann sa limistéar geografach. Sa dá chás, féadfaidh na táirgeoirí gránaigh gheimhridh a tháirgtear i gcúige Erzincan a úsáid de réir cóimheas laethúil. Ní bhíonn beatha tiubhaithe ainmhithe san fharae a thugtar do na hainmhithe sin. Maireann an meánséasúr innilte in aghaidh na bliana 6 mhí. Saintréith de chuid bhainne chaoirigh Akkaraman is ea cion ard saille (>6 %) agus ardleibhéal aigéad sailleacha neamhsháithithe. Tá na saintréithe sin bainteach le géineolaíocht an chórais ainmhithe déiríochta agus beathaithe i bhféaraigh sa limistéar críochaithe.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is ceart gach próiseas a dhéanamh sa limistéar geografach a shonraítear in Airteagal 4. Ba cheart feirmeoireacht ainmhithe, beathú ainmhithe, táirgeadh bainne, próiseáil cáise, líonadh agus aibiú a bheith san áireamh sna céimeanna sin.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

De bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear le reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin 'Erzincan Tulum Peyniri',

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó ATFC an Aontais Eorpaigh

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá cúige Erzincan suite i Roinn na hEofraite Uachtaraí de Réigiún Anatolia Oirthearach ag a bhfuil achar dromchla 11 903 km2. Tá achar an chúige suite idir domhanleithead tuairim is 39° 02′ - 40° 05′ ó thuaidh agus domhanfhad 38° 16′ - 40° 45′ soir. Timpeallaíonn Erzurum cúige Erzincan ón oirthear, Bingöl ón oirdheisceart, Bayburt agus Gümüşhane ón tuaisceart, Giresun ón iarthuaisceart, Sivas ón iarthar, Tunceli ón deisceart, agus Elazığ agus Malatya ón iardheisceart.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Saintréithe sonracha an táirge*

Is cáis leathchrua í 'Erzincan Tulum Peyniri' a bhfuil dath bán-uachtarúil uirthi agus ag a bhfuil struchtúr aonchineálach ar féidir mionbhruar a dhéanamh di nuair a bhrúitear idir dhá mhéar í. Aibítear í i mála craicinn caoirigh nó gabhair nó i ndrumaí plaisteacha ar feadh 4 mhí ar a laghad. Bíonn blas sainiúil uirthi de bharr ardleibhéil lipealaithe, táirgí ocsaídithe agus comhdhúl luaineach de thionscnamh plandaí.

Fágann sí mothúchán uachtarúil sa bhéal agus bíonn blas uirthi a mhothaíonn géar ar an teanga. Nuair a ghlactar isteach sa bhéal í, spreagann sí na faireoga seileacha. Éiríonn blas 'Erzincan Tulum Peyniri' as córas beathaithe an ainmhí, as einsímí dúchasacha an ainmhí, as na céimeanna próiseála agus as an ngníomhaíocht mhiocróbach le linn aibiú na cáise. Téann teirpéiní aramatacha (α/β-pinéin, 3,7-démheitil-1,6-ochtaidhé-éin, o/p/m-ciméin, 2/3-cairéin, líomainéin, teirpinéin, copa-éin, α/β-caraifilléin) isteach sa cháis le linn an chórais beathaithe agus déantar difear don chomhdhéanamh aigéid shailligh neamhsháithithe.

Rannchuidíonn cion ard d'aigéid orgánacha (aigéadach, próipianach, 2-meitil própánóch), trí bhíthin gníomhaíocht mhiocróbach agus saoraigéid shailleacha (bútánóch, 3-meitil bútánóch, aigéad heicsánóch agus ochtánóch) de bharr gníomhaíocht lipealaithe agus oscaídiú na n-aigéad sin (2-heiptánón, 2/3-noinéin (E)2-nonánón, nonánól, 3-meitilia−1-própánól) agus eistir (bútánóáit eitile, heacsanóáit mheitile, heacsanóáit eitile, ochtanóáit eitile, 3-meitil ochtánóáit bútaile, deacanóáit phróipile, deacanóáit eitile, deacanóáit mheitile) lena blas sainiúil. Mar gheall ar na comhábhair ghníomhacha aramatacha sin, mothaíonn a blas géar ar feadh tamall fada ar an teanga, mar a bheadh sé ag dó na scornaí, uachtarúil, amhail is dá mbeadh sé ainmhíoch, lipéalaíoch, coipthe, sulfarach, torthaíoch, aigéadach agus goirt.

Déantar salann ó fhoinse nádúrtha, a tháirgtear i gcathair Kemah i gcúige Erzincan, agus ar a dtugtar 'salann Kemah', a úsáid go heisiach chun 'Erzincan Tulum Peyniri' a tháirgeadh. Tá struchtúr éagruthach go formhór ag an salann seo agus tuaslagann sé go héasca sa mhaitrís cháise agus úscann sé a chion uisce le linn próiseála.

*Saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh*

Tá aeráid breacthur ilchríochach ag cúige Erzincan lena ngabhann geimhrí fuara báistiúla agus samhraí teo. Mar gheall ar a thíreolaíocht uathúil (machairí ag airde 1 800 m agus sléibhte géara ag airde 3 000 m), bíonn tionchar dearfach ag dálaí miocraeráide chúige Erzincan ar fhéaraigh, ar mhóinéir agus ar fhás plandaí eindéimeacha, rud a dhéanann difear sa deireadh do chomhdhéanamh an bhainne agus do bhlas 'Erzincan Tulum Peyniri'. Is réigiún oiriúnach é an cúige le haghaidh gníomhaíochtaí fearachais ainmhithe, go háirithe feirmeoireacht caorach, a bhfuil acmhainneacht féaraigh móinéir leathan aige. Maidir le pór chaoirigh Akkaraman, atá oiriúnaithe don tíreolaíocht agus don aeráid chrua gheografach, táirgeann sé an bainne a úsáidtear in 'Erzincan Tulum Peyniri'. Déanann na caoirigh innilt i móinéir agus i bhféaraigh ina bhfuil plandaí eindéimeacha agus beathaítear iad, uaireanta, le gránaigh gheimhridh a tháirgtear i gcúige Erzincan freisin. As measc na n-ardchlár sin, tá fásra saibhir ag Çimen, Melan agus Sarıçiçek. Táthar tar éis 596 thacsan eindéimeacha, a mbaineann 64 cinn díobh go sonrach le cúige Erzincan, a shainaithint ansin. De bhreis air sin, úsáidtear 43 % den limistéar saothraithe le haghaidh táirgeadh grán. Sa chúige, is iad cruithneacht agus eorna ón ngránghrúpa agus meidic na mbó ó bharra foráiste na chéad trí shraith de na limistéir shaothraithe. Comhdhúile aramatacha planda-bhunaithe atá ann mar chóras beathaithe.

Tá 'Erzincan Tulum Peyniri' ina cháis cheardaíochta de thionscnamh treibheanna leathfhánaíochta. Dá bhrí sin, tá eolas agus taithí daoine lárnach do cháilíocht na cáise. Go háirithe, tá an fhéidearthacht maidir le mionbhruar a dhéanamh de 'Erzincan Tulum Peyniri' ann mar thoradh ar iarrachtaí daoine. Is é briseadh an ghrutha agus sailliú an ghrutha le linn shíothlú na cáise, agus an próiseas sin a chur i gcrích dhá uair ar a laghad, is cúis le foirmiú uigeacht shaintréitheach mhionbhruair na cáise. Is é is cúis le ocsaídiú páirteach na saille sa cháis, rud as a leanann forbairt blais agus a spreagann fás miocrorgánach. Is mar gheall ar na céimeanna sin a fhorbraíonn na blasanna a bhaineann leis an mothú géar ar an teanga agus leis an dó scornaí.

Bíonn gá le scil chun an cháis a líonadh go teann isteach sna málaí craicinn nó sna drumaí plaisteacha. Bíonn aon bhoilgeog aeir sa cháis ina chúis le meath na cáise. Nuair a bhíonn na cáiseanna líonta go teann i ndrumaí plaisteacha, ní mór poill bheaga iomadúla a oscailt chun an tsiniréis a chur i gcrích, ach, i gcás na málaí craicinn, tarlaíonn an próiseas sin tríd an gcraiceann. Laghdaíonn sé sin gníomhaíocht uisce na gcáiseanna le linn an aibithe agus spreagann sé miocrorgánaigh agus gníomhaíocht einsímeach chun blas sainiúil a tháirgeadh. Tríd an gcion uisce a chailleadh, éiríonn na comhdhúile dea-bholaidh níos tiubhaithe agus, dá bhrí sin, feabhsaítear blas na cáise.

Ar deireadh, tá gá le taithí shonrach agus deaslámhacht shonrach chun na málaí craicinn a bhfuil an cháis le líonadh isteach iontu a ullmhú. Ar dtús, baintear craiceann an ghabhair agus na caorach maraithe ina iomláine, glantar é, sailltear é agus triomaítear é - ar próiseas é a bhfuil gá le máistreacht, eolas agus scil ina leith.

*Naisc chúisíocha*

Imríonn an aeráid, an t-ainmhí déiríochta atá oiriúnaithe don aeráid agus don tíreolaíocht seo agus an teicníc táirgthe sa limistéar críochaithe tionchar ar cháilíocht agus ar shaintréithe sainiúla 'Erzincan Tulum Peyniri'. Is iad seo a leanas na saintréithe sin:

— Cuirtear cleachtais phóraithe thraidisiúnta beostoic i gcrích i limistéar lena ngabhann airde ard agus aeráid ilchríochach. Tá an limistéar saor ó dhálaí dochracha comhshaoil atá ann mar gheall ar thionsclú.

— Tá féaraigh nádúrtha ann sa limistéar ainmnithe ar féaraigh iad ina bhfuil flúirse daonraí plandaí aramatacha a úsáideann na póraitheoirí áitiúla beostoic le haghaidh caorach ar bhonn a dtaithí ar ghnéithe geolaíochta an limistéir. Rannchuidíonn airíonna aeráide agus flóra sonrach an limistéir le táirgeadh bainne a bhfuil cáilíocht ar leith aige, rud a thugann cáilíochtaí uathúla agus carachtar pléisiúrtha orgánaileipteach do 'Ezincan Tulum Peyniri'.

— Áirítear na nithe seo a leanas i measc na modhanna sonracha a úsáidtear le linn an táirgthe:

  — bainne chaoirigh Akkaraman a úsáid,

  — binid abomasaim ainmhí-fhoinsithe a úsáid,

  — salann Kemah a úsáid, agus

  — aibiú i mbairille plaisteach nó i mála craicinn gabhair/caoirigh.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

Feasachán maidir le Tásc Geografach Oifigiúil, Ainmniúchán Tionscnaimh agus Sainearra Traidisiúnta Faoi Ráthaíocht ó Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce, Uimh. 111 an 17 Deireadh Fómhair 2021, lch. 84.